# Cruth agus spás: Trasfhoirmiú – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi thrasfhoirmiú?

Is ionann trasfhoirmiú agus gníomhaíochtaí ar chruthanna amhail frithchaitheamh, rothluithe, aistrithe nó méaduithe. Tacaíonn eolas ar thrasfhoirmiú le páistí ó thaobh tuiscint a fhorbairt ar a ngluaiseachtaí féin agus ar ghluaiseachtaí cruthanna agus rudaí timpeall orthu. Is minic a fheiceann páistí na gluaiseachtaí seo go laethúil. Mar shampla, feiceann siad a n-íomhá sa scáthán. Feiceann siad rothluithe nuair a chastar cruth nó líne timpeall ar phointe, mar shampla, lanna tuirbín gaoithe, rothaí cairr nó rothair. Tugann siad faoi aistrithe nuair a bhogann siad iad féin nó earra fad faoi leith óna mbunsuíomh – mar shampla, aistríonn ár gcoirp ó shuíomh amháin go suíomh eile nuair a shiúlaimid i líne dhíreach. Nuair a dhéanann páistí 'zúmáil isteach' ar ghrianghraf, nó nuair a bhreathnaíonn siad trí ghloine mhéadaithe, feiceann siad leagan méadaithe de dhaoine nó de rudaí. Cuireann trasfhoirmiú le tuiscint páistí ar chruthanna agus forbraíonn sé a gcumas loighic a úsáid le fadhbanna a réiteach, mar shampla, míreanna mearaí agus puzail tangraim. Is féidir samplaí de thrasfhoirmithe a fheiceáil in ealaín, ailtireacht, agus innealtóireacht sa bhaile, scoil, ceantar áitiúil agus ar fud an domhain. Is féidir le páistí tabhairt faoi thrasfhoirmithe trí ghníomhaíochtaí ar nós míreanna mearaí, damhsa agus spóirt, agus ealaín agus struchtúir 3-T a chruthú.



### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Déan puzail tangraim nó míreanna mearaí le do pháiste agus déan gluaiseacht na gcruthanna a phlé, m.sh., *bain triail as an mír mhearaí sin a rothlú, iompaigh an píosa dearg srl.*
- Cruthaigh naisc idir an fhoghlaim maidir le trasfhoirmithe agus an saol laethúil, m.sh., *scrúdaigh teisiliú (dromchla a chlúdach le cruth amháin nó níos mó, gan aon bhearnaí eatarthu) i dtíleanna urláir agus ballaí brící, fiosraigh rothlú earraí/troscán, srl., sa bhaile.*
- Cuardaigh ar líne le teacht ar shamplaí d'ailtireacht ó thimpeall an domhain agus tarraing aird ar an tsiméadracht rothlach (áit ar bith a mbíonn an chuma chéanna ar chruth nuair a rothlaítear é níos lú ná casadh iomlán amháin), m.sh., *an Louvre, an Taj Mahal.*
- Lorg samplaí de fhrithchaithimh (áit ar iompaigh cruthanna ina n-íomhánna scáthánacha ach nár athraigh siad seachas sin), siméadracht (áit ar féidir líne a tharraingt trí lár crutha agus an dá thaobh den líne a bheith díreach mar an gcéanna) agus teisiliú sa timpeallacht agus sibh amuigh, m.sh., *i nduilleoga, bláthanna, rothaí gluaisteán nó rothar, dearaí foirgneamh.*
- In ionaid siopadóireachta nó i bhfoirgnimh eile, déan plé ar an úsáid phraiticiúil a bhaintear as trasfhoirmithe (nuair a bhogann rudaí fad faoi leith óna mbunsuíomh gan chasadh), m.sh., *ardaitheoirí agus staighrí beo, criosanna iompair.*
- Tabhair cuairt ar iarsmalanna agus ar dhánlanna ealaíne (ar líne nó i bpearsan) le do pháiste agus déan samplaí de thrasfhoirmithe sna taispeántais a phlé, m.sh., *an féidir leat teacht ar shamplaí de shiméadracht nó teisiliú sna saothair ealaíne?*
- Imir cluichí sa chlós súgartha/taobh amuigh a bhfuil gluaiseacht trasfhoirmithe mar chuid díobh, m.sh., *Ring-a-Rosie, Deir Ó Grádaigh (bog dhá chéim ar dheis, rothlaigh do chorp ar deiseal), srl.*





### LEABHAIR

- *One More Try*, Naomi agus James Jones, 4+ bliana d'aois
- *The Perfect Fit le Naomi agus James Jones*, 4+ bliana d'aois
- *Ship Shapes*, Stella Blackstone, 4+ bliana d'aois
- *Zoom*, Istvan Banyai, 6+ bliana d'aois
- *Let's Fly a Kite*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois

**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt*




### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Puzail tangraim agus peantomanó – cuardaigh ar líne le teacht ar theimpléid fhíorúla nó cinn is féidir a phriontáil
- Déan míreanna mearaí, nó cruthaigh do chinn féin ag baint úsáid as grianghraif nó pictiúir
- Puzail tíleanna sleamhnáin
- Cluichí Tetris
- Cluichí boird a bhfuil aistriú píosaí mar chuid díobh, m.sh., *ficheall, táiplis, Nathracha is Dreimirí*
- Gníomhaíochtaí dearaidh ghrafaigh – cruthaigh cuirí chuig breithlaethanta, comharthaí do dhoras seomra leapa, ealaín dhigiteach, srl., trí théacs agus íomhánna a ionchur agus a bhogadh/a shleamhnú/a rothlú/a mhéadú
- Gníomhaíochtaí damhsa – cruthaigh do chóiréagrafaíocht féin a bhfuil siméadracht, rothlú, srl., mar chuid de, nó foghlaim damhsaí cáiliúla a ndearnadh cóiréagrafaíocht dóibh, m.sh., *an Cha Cha Slide, an Hokey Pokey, Damhsa na Sicíní*
- Cluichí idirghníomhacha – cluichí crutha ar líne, Minecraft, puzail Lego


## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet www.scoilnet.ie/primary/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** trasfhoirmiú, cruth agus spás, foghlaim, bunscoil, matamaitic, gluaiseacht crutha, iompaigh, cas, sleamhnaigh, treoshuíomh, suíomh, frithchaitheamh, rothlú, aistriú, méadú, siméadracht, teisiliú, cluichí, gníomhaíochtaí










## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Ealaín teisilidí nó mhósáice, m.sh., *priontáil nó tarraing cearnóga, triantáin, heicseagáin, srl., agus cruthaigh pictiúr nach bhfuil aon bhearnaí ann, athchruthaigh mósáicí na Róimhe, srl.*
- Bain úsáid as tangraim chun ainmhithe, cruthanna, rudaí srl., a chruthú.
- Ealaín siméadrachta – críochnaigh an dara leath de phictiúr siméadrach, nó cruthaigh pictiúr siméadrach iomlán, m.sh., *féileacán a bhfuil patrúin shiméadracha ar a sciatháin aige*
- Cruthaigh dearaí teisilithe/siméadracha ar pháipéar, ar t-léinte bána, srl.
- Gníomhaíochtaí fillte páipéir/oragámaí
- Cruthaigh struchtúir 3-T a bhfuil siméadracht rothlach mar chuid díobh, m.sh., *muilte gaoithe*
- Faigh inspioráid ón nádúr agus cruthaigh ealaín trasfhoirmithe ag baint úsáid as seo/ar a bhonn seo, m.sh., *cruthaigh priontaí de dhuilleoga, péinteáil pictiúr de bhláth siméadrach*








## DO CHUID SMAOINTE FÉIN







Arna fhorbairt i gcomhar le **Mary Kearney, Múinteoir Bunscoile, Co. na Gaillimhe**